DON SCRÚDAITHEOIR

SCRÚDUIMHIR ☞ [ ]

Iomlán na Marcanna [ ]

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2003

## GAEILGE (GNÁTHLEIBHÉAL)

**(220 marc)**

**DÉARDAOIN, 5 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA, 2.15 go dtí 3.45**

STAMPA AN IONAID

| DON SCRÚDAITHEOIR | | |
|---|---|---|
| ROINN | CEIST | MARC |
| I | 1 | |
| | 2 | |
| | 3 | |
| II | 1 | |
| | 2 | |
| | 3 | |
| | | |
| CT | | |
| | | |
| IOMLÁN | | |
| GRÁD | | |

THALL→

**FREAGAIR GACH CEIST.**

**[N.B. Ní mór na freagraí ar na ceisteanna sa Roinn seo a scríobh sna spásanna cuí ar an gceistpháipéar seo.]**

**CEIST 1** Meaitseáil na pictiúir agus na fógraí/comharthaí sna boscaí thíos agus scríobh na litreacha is fearr a fhreagraíonn do na huimhreacha, dar leat, sna spásanna cuí ar an ngreille. (20 marc)

**1**
**AIRE!**
Oibreacha Bóthair

**2**
**Garáiste Uí Riain**
Ar fáil
Carranna nua agus athláimhe

**3**
**Galfchúrsa Poiblí**
**Ar oscailt gach lá**
**8 a.m. - 9 p.m.**

**4**
**SEOLTÓIREACHT**
***Cúrsaí do dhéagóirí***
Satharn: 10 a.m. – 12 a.m.

**5**
**Halla Snúcair**
Comórtais do gach aois
**Táille Iontrála: €5**


**6**
**Cosc ar imirt cluichí**

**7**
**Seomra Ríomhaireachta**
**Ciúnas**
**Scrúdú ar siúl**

**8**
Seomra Gléasta
**Rabhadh!**
Na fág airgead i do phócaí


**9**
**Faighte sa chlós**
Geansaí scoile
Eolas ó oifig na scoile

**10**
**Coimeád an scoil glan**
Cuir an bruscar
sna boscaí bruscair



























| Uimhir | Litir |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |

**CEIST 2** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c). (30 marc)

(a) Léigh an ***fógra*** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. (15 mharc)




# MEÁNSCOIL MHUIRE

# AN UAIMH

**Comóradh 25 Bliana 1978 – 2003**

**17 – 18 Meitheamh**



| | |
|---|---|
| **SATHARN** | |
| **10 a.m.** | Cluiche Peil Ghaelach idir foireann shinsearach na scoile agus foireann na n-iarscoláirí |
| **12 p.m.** | Comórtais lúthchleasaíochta do gach aois - óg agus aosta! |
| **2.30 p.m. – 4 p.m.** | I Halla na Scoile:<br>▪ Iománaíocht faoi dhíon don chéad bhliain<br>▪ Eitpheil, cispheil agus badmantan |
| **4.30 p.m.** | Cluiche sacair idir na múinteoirí agus na tuismitheoirí |
| **6 p.m.** | Bronnadh na mbonn |
| **DOMHNACH** | |
| **10 a.m.** | Aifreann á cheiliúradh ag séiplíneach na scoile – an tAthair Ó Murchú |
| **11.30 a.m.** | Díolachán Earraí chun airgead a bhailiú ar son an Tríú Domhan |
| | Earraí de gach sórt ar díol: |
| | Leabhair, dlúthdhioscaí, buidéil fhíona, pictiúir ealaíne, plandaí agus bláthanna |
| **3 p.m.** | Cór na scoile: Amhráin thraidisiúnta agus nua-aimseartha |
| **8 p.m.** | An dráma *An Lasair Choille* á léiriú ag Cumann Drámaíochta na nIarscoláirí |

**(i) Cad a bheidh ar siúl do dhaoine fásta agus daoine óga?**

______________________________________

**(ii) Cén fáth a mbeidh an Díolachán Earraí ar siúl?**

______________________________________

**(iii) Ainmnigh na saghsanna amhrán a chanfaidh cór na scoile?**

______________________________________

**THALL→**

(b) Léigh an ***fógra*** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. (15 mharc)



# TITHE SAMHRAIDH

**Iarthar Chiarraí**

**Ar fáil ó Bhealtaine go deireadh Lúnasa**



**An Ceantar**

- Sléibhte agus tránna áille
- Dhá ghalfchúrsa. Fáilte roimh chuairteoirí
- Óstán breá le:
  - linn snámha
  - cúirteanna leadóige
  - seisiúin cheoil gach oíche
  - dioscónna do dhéagóirí
  - seomra cluichí do pháistí óga

**Na Tithe**

- **Bungalónna**
  - Trí sheomra leapa
  - Seomra suite
  - Cistin mhór le gach áis nua-aimseartha
  - Radharc breá ar an bhfarraige
  - Cúig nóiméad ón trá
- **Tithe feirme**
  - Tithe dhá stór
  - Suite in aice na sléibhte
  - Iascaireacht in aibhneacha agus locha glana
  - Siúlóid sna sléibhte
  - Bia folláin feirme

**Saoire in áit chiúin thaitneamhach i lóistín iontach**

**Eolas ó Áine Ní Bhroin: 066 – 4548902**

**9 a.m. – 5 p.m. ón Luan go dtí an Aoine**

**(i)** **Cathain a bheidh na tithe samhraidh ar fáil?**

______________________________________

**(ii)** **Ainmnigh <u>dhá</u> rud atá san óstán.**

______________________________________

**(iii)** **Cén uair is féidir eolas a fháil i dtaobh na dtithe seo?**

______________________________________

(c) Léigh na ***véarsaí*** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leo. (15 mharc)

**Luch**




Ní raibh ann ach luch,
Luichín tí,
Ní raibh ann ach luch,
Luch trí mhí,
Ní raibh ann ach luch,
Ach bhí sé lán de bhrí:
Agus chanadh sé os íseal
Dó ré mí.
Lá amháin tháinig cat mór groí,
An t-ainm a bhí uirthi ná Marjorie.
Chuala sí an luichín ag canadh dó ré mí
'Ó fidil!' arsa Marjorie, 'fidil dí dí!'



Ní raibh ann ach luch,
Luichín tí,
Ní raibh ann ach ainmhí
Bocht simplí.
'Uch!' arsa Marjorie, 'Uch! Uch!'
Agus tá a fhios agat is dócha cad a tharla do mo luch.

**Gabriel Rosenstock**

- **<u>Gluais</u>: groí = láidir.**

(i) Cad is aois don luch?

---

(ii) Cé hí Marjorie?

---

(iii) Cad a chuala an cat?


---

**THALL→**

**<u>CEIST 3</u>** Freagair (a) **agus** (b). (60 marc)

(a) Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. (30 marc)

## An Buachaill Ramhar Ramhar



Ní chasann sé giotár, ní chanann sé, ní féidir a rá go ndéanann sé ceirníní – ach is é an réaltóg pop is mó cáil é faoi láthair – is DJ é – ach ní gnáth DJ – ach Fatboy Slim!

Quentin Cooke an fíorainm atá air ach d'athraigh sé a ainm go Norman nuair a bhí sé óg mar bhíodh na buachaillí eile ar scoil ag magadh faoin ainm Quentin. Chuaigh Fatboy Slim ar choláiste i Hull agus chuir sé spéis mhór i gceol damhsa agus é sa choláiste. Ina dhiaidh sin bhí sé páirteach i ngrúpa giotáir, The Housemartins.

Bhí Fatboy breoite ar feadh tamaill agus ansin thosaigh sé ag pleidhcíocht le ceol agus ceirníní. Thosaigh na damhsóirí sna clubanna ag baint taitnimh as an meascadh ceoil a rinne sé agus ba ghearr go raibh a chuid ceirníní ar díol ar fud an domhain.

**(i) Cén obair a dhéanann Fatboy Slim anois?**

________________________________________

**(ii) Cén fáth ar athraigh sé a ainm?**

________________________________________

**(iii) Ainmnigh an sórt ceoil a raibh spéis aige ann agus é sa choláiste.**

________________________________________

**(iv) Cé a bhain taitneamh as an meascadh ceoil a rinne sé?**

________________________________________


**(v) Cá bhfuil a chuid ceirníní ar díol?**

________________________________________

(b) Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. (30 marc)

# Jennifer, a chairde

Jennifer Aanistonapoulos an fíorainm atá uirthi, ach is fearr aithne uirthi mar Jennifer Aniston, nó, más fearr leat, Rachel ó *Friends*. Rugadh í i Sherman Oaks, California, 11ú Feabhra, 1969 ach chaith sí tamall dá hóige sa Ghréig. Thosaigh Jennifer ag aisteoireacht nuair a bhí sí naoi mbliana d'aois i gclub aisteoireachta Rudolf Steiner i Nua-Eabhrac.



Rinne an tsraith *Friends* réaltóga thar oíche de Jennifer agus a comhaisteoirí. Sa bhliain 2000 d'éirigh léi tuarastal $750,000 a bhaint amach di fein in aghaidh gach eipeasóid de *Friends*. Fuair sí páirteanna ina lán scannán chomh maith.

Nuair nach mbíonn sí ag aisteoireacht is maith léi roinnt péintéireachta a dhéanamh. Bhí sí chomh maith sin gur cuireadh pictiúr dá cuid ar taispeáint i ngailearaí an Mhet i Nua-Eabhrac nuair a bhí sí aon bhliain déag d'aois.

Ar an 29 Iúil 2000 phós sí Brad Pitt i Malibu, California.

**(i) Cár rugadh Jennifer?**

_______________________________________________

**(ii) Cén aois a bhí aici nuair a thosaigh sí ag aisteoireacht?**

_______________________________________________

**(iii) Cé mhéad airgid a fhaigheann sí ar gach eipeasóid de *Friends*?**

_______________________________________________

**(iv) Cár cuireadh pictiúr dá cuid ar taispeáint?**

_______________________________________________

**(v) Cé a phós sí?**

_______________________________________________

**THALL→**


**<u>FREAGAIR GACH CEIST</u>.**

**<u>CEIST 1</u>** Freagair *(a)* **<u>nó</u>** *(b)*. (25 mharc)


*(a)* Tá tú ag freastal ar Choláiste Gaeilge le do chara. Scríobh cárta poist chuig do dheartháir.

Luaigh na pointí seo a leanas ar an gcárta:

- an t-am a shroich sibh an Coláiste
- rud éigin faoi na ranganna
- an aimsir
- cén caitheamh aimsire atá agaibh ar an gcúrsa
- cathain a fheicfidh tú den chéad uair eile é



Scríobh an freagra sa bhosca anseo thíos.



**NÓ**

*(b)*




Is tusa Liam sna pictiúir thuas. Tá tú i do scoil féin. Léann tú an fógra i dtaobh an bhanna cheoil. Ba mhaith leat dul go dtí na trialacha le do chara, Deirdre. Níl aon fhreagra nuair a chuireann tú glaoch teileafóin uirthi.

Fágann tú nóta ag a teach ag rá:

- cén fáth nár labhair tú léi ar an teileafón
- cathain a léigh tú an fógra
- cad a bhí ar an bhfógra
- cá mbeidh tú anocht má theastaíonn uaithi labhairt leat
- cathain is féidir léi glaoch teileafóin a chur ort.

**Scríobh an nóta sa bhosca anseo thíos.**

**NÓTA**

**THALL→**

**CEIST 2** Freagair *(a)* **nó** *(b)*. (40 marc)

**[N.B. Bíodh leagan amach cuí ar do litir, i.e. seoladh, dáta, beannú agus críoch oiriúnach.]**

(a) Tá cara leat ina c(h)ónaí i Sasana le cúig bliana. Níor bhuail tú leis/léi ó d'fhág sé/sí Éire.





Scríobh litir chuige/chuici. Sa litir luaigh na pointí seo.

- cathain a bheidh tú ag dul ar saoire go Sasana
- an lá agus an t-am a bheidh tú ábalta bualadh leis/léi
- cad ba mhaith leat a dhéanamh le chéile
- cad a dhéanfaidh sibh nuair a thiocfaidh sé/sí ar cuairt chugatsa

**Scríobh an litir sa bhosca ar lch. 11.**

**NÓ**

(b)



Fuair tú litir ó d'uncail a chónaíonn i dtír éigin eile. Sa litir thug sé cuireadh duit féin agus cara leat dul ar cuairt chuige.

Scríobh litir chuig do chara. Luaigh na pointí seo sa litir.

- abair leis faoin gcuireadh
- cén fad a bheidh sibh ann
- cúpla rud a bheidh sibh ábalta a dhéanamh ann
- cathain a bheidh air a rá leat an mbeidh sé ábalta dul leat

**Scríobh an litir sa bhosca ar lch. 11.**

Ceist 2 (a) nó (b)

## LITIR

THALL→

**CEIST 3** Freagair *(a)* **nó** *(b)*. (45 mharc)


*(a)* **Alt** gairid (**15 líne nó mar sin**) a scríobh ar **cheann amháin** de na hábhair seo:-

**(i)** An caitheamh aimsire is fearr liom.
**(ii)** Lá a chaith mé ag iascaireacht **nó** ag rothaíocht.
**(iii)** Lá ag siopadóireacht le mo mháthair.
**(iv)** An peata atá againn sa bhaile.

**Scríobh an freagra sa bhosca ar lch. 13**

**NÓ**

*(b)*




Is iad Liam agus Síle na daoine óga atá sna pictiúir thuas. Scríobh síos an cuntas is dóigh leat a bheadh ag Síle ina dialann (nó ag Liam ina dhialann) ar na himeachtaí atá léirithe thuas.

**[Is leor 15 líne nó mar sin i do fhreagra.]**

**Scríobh an freagra sa bhosca ar lch. 13**

**Ceist 3(a) nó (b)**